







Saoránacht áitiúil agus Dhomhanda

leathanaigh ghníomhaíochta d'aonad 3







Bia dea-chothaitheach




Uisce Glan



Teilifiseán




Rothar




Deis do bharúil a chur in iúl agus go n-éistfeair léi



Cóir leighis nuair atá sé de dhíth




Do sheomra leapa féin




Mearbhia




Cosaint ar idirdhealú



Oideachas



Airgead le caitheamh ar do rogha




Turais saoire



Dídean fiúntach



Deis do chreideamh féin a chleachtadh




Riomhaire pearsanta




Éadaí sa stíl is déanaí




Aer glan



Cosaint ar dhrochíde agus neamart



Steiríó pearsanta



Clóis súgartha agus lárionaid chaitheamh aimsire



Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine

Thug mo thír na gealltanais seo dom,
_____ agus do gach saoránach aici

- Tá gach duine cothrom, beag beann ar aois, ghnéas, chine, chreideamh nó dhath craicinn.
- Tá sé de cheart ag gach duine a bheith beo, saor agus slán.
- Níl sé ceadmhach duine a choinneáil mar sclábhaí.
- Ní cóir duine a chéasadh nó drochíde a thabhairt dó/di.
- Ba chóir don dlí plé le gach duine ar an dóigh cheannann chéanna.
- Ní cóir duine ar bith a ghabháil, a chur chun an phríosúin nó a dhíbirt as an tír aige gan cúis mhaith.
- Tá sé de cheart agat triail chothrom phoiblí a bheith agat.
- Tá tú neamhchiontach go dtí go gcruthaítear os comhair na cúirte go bhfuil tú ciontach.

Tá sé de cheart ag gach duine:

- príobháid a bheith aige/aici;
- cead a bheith aige/aici bogadh ó áit go háit;
- náisiúntacht a bheith aige/aici;
- pósadh agus clann a thógáil;
- sealúchas a bheith aige/aici;
- sairse smaoinimh, coinsiasa agus creidimh a bheith aige/aici;
- barúil a bheith aige/aici agus cead í a chur in iúl;
- agóidí agus cruinnithe síochánta a reáchtáil;
- vóta a bheith aige/aici i dtoghcháin chothroma;
- obair a bheith aige/aici agus luach cothrom an tsaothair a fháil;
- dul isteach i gceardchumann;
- sos agus só a bheith aige/aici;
- caighdeán sláintiúil maireachtála a bheith aige/aici;
- oideachas a bheith aige/aici.

Cártaí Ceart

Ceart beatha, maireachtála agus forbartha	Ceart ainm agus náisiúntachta
Caithfear “leas an pháiste” a chur san áireamh i gcónaí agus cinneadh á dhéanamh	Ceart cúraim ó do thuismitheoirí
Ceart cosanta speisialta más dídeanaí tú	Ceart go n-éistear le do “ghuth”
Ceart príobháide, ómóis agus clú	Ceart go dtugtar aire speisialta agus cosaint duit má scartar ó do theaghlach tú.
Ceart fáil a bheith agat ar eolas agus na meáin chumarsáide	Ceart go scarfar ó phríosúnaithe fásta tú má ghabhtar tú
Ceart eolas agus tuiscint a bheith agat ar na cearta atá agat	Ceart a bheith saor ó chéasadh agus ó phionós an bháis

Ceart go gcaithfear leat le dínit má ghabhtar tú nó má choinnítear tú	Ceart sult a bhaint as do chultúr agus do theanga féin (fiú má tá tú i ngrúpa mionlaigh)
Cosaint ar dhrochíde agus ar neamart ó bhail den teaghlach agat	Bunoideachas saor in aisce
Ceart cúram sláinte	Cosaint ar obair dhochrach agus ar dhúshaothrú
Cosaint ar dhrugaí	Cosaint ar abduchtú
Gan bhaint a bheith agat leis na fórsaí armtha faoi aois 16	Saoirse ó chéasadh agus ó dhrochíde mhaslach
Ceart oideachas a bheith agat atá dírithe ar do phearsantacht agus ar fhorbairt do thallanna	Ceart súgartha

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste

**Tug mo thír na gealltanais seo dom, _____,
agus do na páistí uile atá ina gcónaí anseo**

- Is páiste é aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- Níl cead agat páirt a ghlacadh i gcoimhlint armtha má tá tú faoi bhun 15 bliana d'aois.
- Tá na cearta seo thíos ag gach páiste.
- Ba chóir go mbeadh gach cinneadh a bhaineann le páiste bunaithe ar “leas” an pháiste.

Tá sé de cheart ag gach páiste:

- saol a bheith aige/aici;
- ainm a bheith aige/aici;
- náisiúntacht a bheith aige/aici;
- gan a bheith scartha ó na tuismitheoirí aige/aici agus a bheith faoi chúram an stáit mura bhfuil na tuismitheoirí ann;
- an bharúil aige/aici a chur in iúl;
- eolas a bheith aige/aici;
- saoirse smaoinimh, coinsiasa agus creidimh a bheith aige/aici;
- cruinnithe síochánta a bheith aige/aici;
- príobháid, onóir agus clú a bheith aige/aici;
- oideachas a bheith aige/aici;
- cúram sláinte a bheith aige/aici;
- cosaint ar dhrochíde ó thuismitheoirí nó ó dhaoine eile atá ag tabhairt aire dó/di;
- sult a bhaint as an chultúr agus an teanga aige/aici (má tá sé/sí i ngrúpa mionlaigh);
- súgradh a dhéanamh;
- cosaint a bheith aige/aici ar obair dhochrach;
- cosaint ar dhruaí, dhrochíde ghnéasach agus abductú;
- saoirse a bheith aige/aici ó chéasadh, ó phionós an bháis agus ó phríosúntacht saoil.

Cuardaitheoir Ceart Daonna

Is cuardaitheoir tú do **Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste**.

Iarradh ort a fháil amach an bhfuil tíortha áirithe ag cloí leis na gealltanais a thug siad nuair a shínigh siad an **Coinbhinsiún ar Chearta an Pháiste**.

An **tasc** atá agat ná tuairisc a chur le chéile ar an dóigh a bpléitear le páistí atá ag obair agus moltaí a dhéanamh ar cad é mar a fhéadann an **rialtas** cosaint níos fearr a dheimhniú do pháistí. **Cuimhnigh** nach bhféadann tú ach moltaí a dhéanamh cionn is gurbh é an **rialtas** a shínigh an Coinbhinsiún agus a thug na gealltanais.

Beidh tú ábalta an ceathrar eile sa ghrúpa agat a cheistiú.

- Oibrí Páiste
- Tuismitheoir
- Fostóir
- Ball de rialtas na tíre

D'fhéadfá na ceisteanna samplacha thíos a chur orthu chun tús a chur leis:

- Cén cineál oibre atá ar bun ag an pháiste?
- Cá mhéad uair an chloig a oibríonn siad? Cad é mar atá na dálaí oibre?
- Cad é mar a bhraitheann na páistí faoi bheith ag obair?
- Cad é mar a bhraitheann na tuismitheoirí acu?
- Cad chuige a mbíonn páistí in úsáid ag fostóirí?
- Cad iad dlíthe na tíre a bhaineann le páistí ag obair?
- An bhfuil gach duine eolach ar na dlíthe?
- Cé a dhéanann deimhin de go gcuirtear i bhfeidhm i gceart iad?

Nuair atá na ceisteanna curtha ar gach duine agat, iarr cuidiú orthu uile cúpla abairt a scríobh mar achoimre ar an mhéid atá foghlamtha acu agus cad é, dar leo, an chéad rud eile is éigean don rialtas a dhéanamh.

Oibrí Páiste

Khalid an t-ainm atá ort. Tá tú 10 mbliana d'aois agus tá tú i do chónaí sa Phacastáin. Is duine de theaghlach mór tú (ochtar páistí san iomlán!). Is feirmeoir d'athair ach tá an teaghlach beo bocht. Cuireadh ar obair tú sa mhonarcha cairpéad anuraidh nuair a theip ar na barra. Níl an obair ró-throm agus tá tú ag foghlaim scileanna nua gach lá. Ba mhaith leat bheith i do mháistir cairpéad lá is faide anonn. Íocann an t-úinéir tuairim is £100 sa bhliain le do thuismitheoirí as an obair a dhéanann tú. Beidh tú ag obair sa mhonarcha go ceann ceithre bliana eile ar a laghad. Bhain tú sult as an obair i dtosach. Bhí sé corraitheach agat a bheith freagrach as níos mó ná aire a thabhairt do na deartháireacha is óige agat! Ach anois ba mhaith leat an teaghlach a fheiceáil níos minice. Agus ba mhaith leat dul ar scoil lá éigin amach anseo.

Tuismitheoir

Is tusa athair Khalid. Tá feirm an-bheag agus ochtar páistí agat. Scrios monsún na barra uile agat anuraidh. Ní raibh bia ná airgead ceasa agat agus bhí na páistí ag éirí tinn. Chuir tú do mhac ag obair sa mhonarcha cairpéad. Roghnaigh tú an mhonarcha go cúramach. Ba mhaith leat go mbeadh slí bheatha fiúntach á foghlaim ag do mhac. Cuidíonn an t-airgead leis an teaghlach a chothú agus leis an chíos a íoc. Ba maith leat Khalid a fheiceáil níos minice ach síleann tú go bhfuil sé maith go leor. Téann roinnt páistí eile sa bhaile bheag agat chun na scoile. Is mian leat go mbeidh an deis ag Khalid dul ar scoil fosta – tá eagna cinn aige – ach níl an mhaoin agat.

Fostóir

Sadique an t-ainm atá ort. Is máistir cairpéad tú agus thug tú fostaíocht do Khalid sa mhonarcha agat. Is mó a fhoghlaiméoidh sé i gcaitheamh sé mhí ar an seol ná i gcaitheamh sé bliana ar scoil dar leat. Tá a lán buachaillí ar fostú agat. Tá siad iontach umhal ag an aois seo agus tá na lámha acu beag go leor le hobair mhion a dhéanamh. Tugann tú airgead do na teaghlaigh chun na páistí acu a chur faoi “bhanna” agat. Tá a fhios agat nach bhfuil sé ceadmhach ó thaobh dlí de go mbeidh páistí faoi bhanna mar seo – ach ní dúirt na póilíní riamh rud ar bith leat faoi.

Ionadaí Rialtais

Is ball de rialtas na Pacastáine tú. Rinneadh dlíthe sa tír agat ar pháistí a úsáid mar oibríthe. Tá cosc dlí ar pháistí ag obair i bpoist nó in aon áit a ndéanfaí dochar don tsláinte acu. Tá obair faoi bhanna mídhleathach. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil sé ceadmhach ag fostóirí aigead a thabhairt do theaghlaigh chun na páistí acu a choinneáil ar fostú. Tá a fhios agat nach bhfuil na dlíthe seo ar eolas ag mórchuid an phobail – ach tá tú den bharúil gur chóir do na póilíní an dlí a chur i bhfeidhm. Tá páistí ar fostú ag cuid mhór daoine – níor mhaith leat raic ró-mhór a thógáil faoi – seans go gcaillfeá vótaí.

Oibrí Páiste

Sawai an t-ainm atá ort. Tá tú 14 bliana d'aois agus tá tú i do chónaí sa Téalainn. D'éirigh d'athair iontach tinn anuraidh agus ní raibh sé ábalta aire a thabhairt duit a thuilleadh. D'fhág tú an scoil agus d'imigh tú chun na cathrach ar lorg oibre. Fuair tú post i monarcha éadaí. B'éigean duit fuáil a fhoghlaim. Thug an fostóir oiliúint duit ach bhí ort é a aisíoc trí obair tí a dhéanamh dó. Tá an mhonarcha iontach beag agus tá an solas go dona inti. Tá na súile nimhneach agat. Tosaíonn tú ag obair ar 8 am agus leanann tú de go dtí 2 am an mhaidin dár gcionn. Faigheann tú £18 sa mhí ach caithfidh tú airgead a thabhairt don fhostóir as bia agus lóistín. Tá cónaí ort i seomra le cúigear cailíní eile agus ní fhaigheann tú ach rís le hithe. Cuireann tú an oiread airgid agus is féidir chun an bhaile.

Tuismitheoir

Is tusa athair Sawai. Bhuailead tú agus ní raibh tú ábalta riar don teaghlach a thuilleadh. Dúirt an iníon agat go raibh sí sásta obair a fháil a chuideodh leis na billí a íoc. Níor mhaith leat go rachadh sí chun na cathrach – ach ní raibh an dara suí sa bhuaile ann. Bhí an t-airgead de dhíth ar an teaghlach. Ní fhaca tú d'iníon le bliain anuas. Cuireann sí airgead nuair is féidir léi. Tá sí ina cuidiú mór ach b'fhéarr leat dá mbeadh sí sa bhaile.

Fostóir

Is leatsa monarcha éadaí sa Téalainn. Tá a lán cailíní a dhéanann obair fuála do chomhlachtaí éadaí san Iarthar ar fostú agat. Oibríonn siad go dian ag an aois seo agus tá na lámha beag go leor acu chun obair mhion a dhéanamh. Má dhéanann siad gearán faoi na dálaí oibre tugann tú bata agus bóthar dóibh – bíonn duine eile i gcónaí ann chun an post a ghlacadh. Tá a fhios agat nach gceadaítear poist chontúirteacha do pháistí ag an dlí – ach níl an obair seo contúirteach, dar leat. Ní thagann na póilíní de dheas don mhonarcha agat. Níl cuardach ceadmhach san oíche de réir dlí cibé ar bith agus is le linn na hoíche a bhíonn mórchuid na gcailíní agat ag obair!

Ionadaí Rialtais

Is ball de rialtas na Téalainne tú. Rinneadh dlíthe sa tír agat ar úsáid pháistí mar oibríthe. Tá cosc dlí ar pháistí ag obair i bpoist a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. Tá a fhios agat nach bhfuil na dlíthe seo ar eolas ag mórchuid an phobail – ach tá tú den bharúil gur chóir do na póilíní an dlí a chur i bhfeidhm. Tá pháistí ar fostú ag cuid mhór daoine sa Téalainn – cuidíonn sé leis an gheilleagar a choinneáil ar obair. Níl mórán suime ag an rialtas i ndlíthe saothair. Ní théann ach 1% den bhuiséad chuig Aireacht an tSaothair. Caitear 25% den bhuiséad ar chosaint – is tábhachtaí sin.

Oibrí Páiste

Joanne an t-ainm atá ort. Tá tú 15 bliana d'aois agus tá tú i do chónaí i dTuaisceart Éireann. Is le comharsa agat stáisiún peitрил a bhíonn ar oscailt ar feadh na hoíche agus fuair tú obair pháirtaimseartha ann. Is aoibhinn leat a bheith ag obair ann! Bíonn craic i gcónaí ann agus bíonn airgead agat le caitheamh ort féin. Uaireanta déanann tú roinnt oibre sula dtéann tú ar scoil ó 6:30 am go dtí 8:30 am – ag cuidiú le heagar a chur ar na nuachtáin agus seachadtaí a thabhairt isteach. Oibríonn tú i gcónaí oíche Déardaoin idir 4 pm agus 10 pm agus an lá uile Dé Sathairn. Tá do Mhamaí agus do Dhaidí buartha go gcuirfidh sé isteach ar na scrúduithe TGMO agat ach ní chuirfidh, dar leat. An t-aon ábhar buartha atá agat féin ná gur chuala tú cailín eile is sine a labhairt ar an mhéid a fhaigheann sí mar thuarastal. Faigheann sí i bhfad níos mó ná tú féin cionn is go gcaithfidh sí an “t-íosphá” a fháil. Níl cothrom na Féinne ann, dar leat – déanann tú an cineál céanna oibre.

Tuismitheoir

Is tusa máthair Joanne. Tá tú buartha faoin méid ama a chaitheann d'iníon ag obair sa stáisiún peitрил. Tá scrúduithe TGMO le déanamh aici i mbliana agus caithfidh go n-éireoidh go maith léi iontu. Rud maith é, dar leat, go bhfuil neamhspleáchas á chleachtadh aici agus go bhfuil uirthi aire a thabhairt dá cuid airgid féin. Creideann tú go bhfuil an fostóir ag suí ina bun cionn is gur féidir leis níos lú pá a thabhairt di ná a thugann sé do na hoibrithe is sine. B'fhéarr leat gur lú uaireanta a d'oibreodh sí agus go mbeadh an rialtas sásta níos mó a dhéanamh chun a leithéid a chur faoi chois.

Fostóir

Is leatsa stáisiún peitрил a bhíonn ar oscailt ar feadh na hoíche. Tá roinnt daoine óga ar fostú agat le sealobair a dhéanamh. Tá siad breá sásta obair a dhéanamh ag an aois seo agus ní chaithfidh tú a oiread pá a thabhairt dóibh is a thugann tú do na hoibrithe is sine mar ní bhaineann an “t-íosphá” leo. Mar sin, tá ciall airgeadais leis airgead a shábháil ar an dóigh seo. Ní bhíonn obair throm ná chontúirteach le déanamh ag na daoine óga atá ar fostú agat. Oibríonn siad uaireanta fada in amanna – ach ní chuireann tú brú orthu a leithéid a dhéanamh – fúthu féin atá sé.

Ionadaí Rialtais

Is ball den rialtas tú. Tá dlíthe i do thír ar fhostú páistí. Tá cosc dlí ar pháistí ag obair i bpoist a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don tsláinte nó don oideachas acu. Níl sé ceadmhach páistí a bheith ag obair roimh 7 am nó i ndiaidh 7 pm agus níl cead ag páistí 15 bliana d'aois a bheith ag obair ar feadh níos mó ná 7 n-uaire an chloig sa lá. Ní chaithfear íospá a thabhairt do pháistí. Creideann tú go bhfuil an chuid is mó den phobal eolach ar na dlíthe seo agus go gcloíonn siad leo de ghnáth.

Oibrí Páiste

Ranjeet an t-ainm atá ort. Tá tú 14 bliana d'aois agus tá tú i do chónaí sa Phacastáin. Is duine de theaghlach mór tú agus tá tú beo bocht. Fuann tú liathróidí peile de lámh, gach maidin agus gach tráthnóna. Díoltar na liathróidí san Iarthar agus úsáidtear iad, is dócha, ag foirne de chuid na Breataine. Is féidir leat an obair seo a réiteach le do obair scoile agus an t-airgead a úsáid le táillí scoile, éide, leabhair srl a íoc. Níl sé d'acmhainn ag do thuismitheoirí tú a chur chun na scoile agus tuigtear duit gur bealach é seo le cuidiú a thabhairt.

Tuismitheoir

Is tusa athair Ranjeet. Tá seachtar páistí faoi do chúram agat agus tá tú beo bocht. Tá tú thar a bheith bródúil as Ranjeet. Buachaill iontach cliste é – ach níl sé d'acmhainn agat é a chur chun na scoile. Chinn sé ar liathróidí peile a fhuáil sa dóigh go bhféadfadh sé dul chun na scoile. Tá a fhios agat nach bhfaigheann sé mórán pá ach gur leor é le cuidiú a thabhairt dó dul ar aghaidh sa saol.

Fostóir


Tá a lán páistí ar fostú agat le liathróidí peile a fhuáil. Oibríonn siad go dian agus tá na lámha acu beag go leor chun obair mhion a dhéanamh. Bíonn mórchuid na bpáistí ag obair le cuidiú leis na táillí scoile acu nó le cíos nó le billí bia a íoc. Is smaoineamh maith é, dar leat, na páistí seo a fhostú. Cad é a dhéanadh na teaghlaigh acu mura mbeadh cead oibre acu.

Ionadaí Rialtais

Is ball de rialtas na Pacastáine tú. Rinneadh dlíthe sa tír agat ar úsáid páistí mar oibrithe. Tá cosc dlí ar pháistí ag obair i bpoist nó in aon áit a ndéanfaí dochar don tsláinte acu. Tá a fhios agat nach bhfuil mórchuid an phobail eolach ar na dlíthe seo – ach tá tú den bharúil gur chóir do na póilíní an dlí a chur i bhfeidhm. Tá páistí ar fostú ag a lán daoine – níor mhaith leat raic ró-mhór a thógáil faoi – seans go gcaillfeá vótaí. Cibé ar bith, úsáideann cuid mhór de na páistí an t-airgead le cuidiú leis an teaghlach acu agus le táillí scoile a íoc.

An Bealach chuig Domhan Idéalach

Comhlánaigh gach "lána" den bhealach le smaointeamh amháin ar a laghad.



Mar **dhuine aonair** ...
d'fhéadfaim...

Mar **shocháil**...
d'fhéadfaimís...

Mar an **rialtas** seo againne...
d'fhéadfadh siad...